Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7665/24**

**SOC 202**
**EMPL 111**
**ECOFIN 304**
**EDUC 88**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024, a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 11 Márta 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir le Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024**

1. AGUS É Á ADMHÁIL AICI, tar éis téarnamh láidir a bheith ann in 2022, gur moillíodh ar ghníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas in 2023, tráth a bhí boilsciú ard agus éiginnteachtaí geopholaitiúla ann. AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI, tar éis dó a bhuaic a bhaint amach ag 11.5 % bliain ar bhliain i mí Dheireadh Fómhair 2022, go bhfuil laghdú ag teacht ar an mboilsciú agus go meastar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú i dtreo 3.5 % le linn 2024.

2. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI go raibh an ráta fostaíochta ab airde dá bhfacthas riamh san Aontas, é chomh hard le 75.4 % (70.2 % i gcás na mban agus 80.5 % i gcás na bhfear) in earrach 2023, agus gur thit an dífhostaíocht go 6 % (6.3 % i gcás na mban agus 5.7 % i gcás na bhfear), arb é an ráta is ísle a taifeadadh riamh, d'ainneoin na dturraingí eisceachtúla a bhí ann le blianta beaga anuas agus an mhoillithe ar an bhfás eacnamaíoch a bhí ann le déanaí. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR an gcaoi, mar sin féin, go bhfuil difríochtaí fós ann, in ainneoin fheidhmíocht láidir mhargadh saothair an Aontais, ar fud na mBallstát agus laistigh díobh, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus i measc grúpaí daonra.

3. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR an gcaoi a gcruthaítear, le leibhéil arda leanúnacha na nganntanas saothair agus na nganntanas scileanna, baic don acmhainneacht fáis eacnamaíoch, don iomaíochas agus do chóineasú sóisialta aníos. AGUS AIRD Á TARRAINGT AICI AR an gcaoi gurb iad sna hearnálacha sláinte, san earnáil tógála, i ngairmeacha a bhaineann le ETIM, agus i ngairmeacha seirbhíse áirithe is mó atá an ganntanas sin, agus gurb é is cúis leis freisin gairmeacha nua agus cúraimí gairmiúla a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach ag teacht chun cinn, nach bhfuil scileanna an luchta saothair a bhaineann leis an margadh saothair ag gabháil leo go leordhóthanach, chomh maith le haosú an daonra agus, i gcásanna áirithe, drochdhálaí oibre.

4. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI, sa chomhthéacs sin, go bhfuil na bacainní struchtúracha maidir le lánpháirtiú iomlán daoine i staideanna leochaileacha sa mhargadh saothair fós suntasach, agus níos mó ná 20 % den daonra in aois oibre (agus beagnach 30 % de mhná in aois oibre) san Aontas nach bhfuil sa lucht saothair, lena n-áirítear 8 milliún duine óg nach bhfuil fostaithe, ná i mbun oideachais ná oiliúna.

5. AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI, d’ainneoin méaduithe suntasacha ar an bpá ainmniúil idir 2022 agus 2023, d’fhan sé faoi bhun na rátaí boilscithe arda, rud a d’fhág go raibh caillteanas i gcumhacht cheannaigh ann agus bhí tionchar díréireach aige sin ar theaghlaigh ar ioncam íseal. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil na caillteanais i gcumhacht cheannaigh á maolú go páirteach nó go hiomlán de bharr nuashonruithe ar phá íosta reachtúil agus comhaontuithe cómhargála nua.

6. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI, sa chomhthéacs sin, go bhfuil idirphlé sóisialta láidir agus cómhargáil éifeachtach ríthábhachtach chun forbairtí pá a chur chun cinn a thuilleadh lena dtacaítear le cruthú post agus lena gcosnaítear an t-iomaíochas, agus ag an am céanna, le trasuí Threoir an Aontais maidir le pá íosta leordhóthanach, is féidir cumhacht cheannaigh oibrithe ar phá íseal a chosaint agus méaduithe ar bhochtaineacht an luchta oibre a chosc, agus ar an gcaoi sin an spreagadh chun dul ag obair a neartú.

7. AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI, i bhfianaise dhúshláin an chomhthéacs shocheacnamaíoch le 3 bliana anuas, go raibh líon na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta cobhsaí a bheag nó a mhór san Aontas in 2022 mar gheall ar ghníomhaíocht bheartais chinntitheach a rinneadh le linn na géarchéime fuinnimh, cé go ndeachaigh bochtaineacht leanaí in olcas beagán. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI go bhfuil leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na gcóras cosanta sóisialta fós faoi bhrú mar gheall ar aosú an daonra, i measc nithe eile, d’ainneoin gur chruthaigh na córais cosanta sóisialta sin a n-éifeachtacht maidir le tacú leis an athléimneacht le linn na ngéarchéimeanna a bhí ann le déanaí, rud a d’fhág nár tháinig méadú suntasach ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, agus d’ainneoin gur ag gníomhú mar chobhsaitheoirí maicreacnamaíocha atá na córais sin.

8. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR dhúsláin mhéadaitheacha ar nós na bochtaineachta fuinnimh agus na hinacmhainneachta tithíochta san Aontas, agus méadú ar líon na ndaoine nach raibh in ann a dtithe a choinneáil te go leor in 2022, agus duine amháin as deichniúr san Aontas i dteaghlach ag a bhfuil costais tithíochta fhoriomlána ar mó ná 40 % den ioncam indiúscartha iomlán iad. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI, sa dá chás, go mbíonn tionchar díréireach ag na dúshláin sin ar dhaoine atá i mbaol na bochtaineachta.

9. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR a thábhachtaí atá sé Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo spriocanna an Aontais agus spriocanna náisiúnta 2030 maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta chun gníomhaíocht bheartais na mBallstát a fhorbairt, agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh go háirithe:

- Tá an tAontas ar an mbóthar ceart i dtreo na sprice maidir le ráta fostaíochta 78 % in 2030 (74.6 % in 2022), agus tá dul chun cinn déanta ag na Ballstáit uile ó 2020;

- Is gá tuilleadh dul chun cinn suntasach a dhéanamh chun an sprioc scileanna a bhaint amach, is é sin go mbeidh 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile san Aontas rannpháirteach in oiliúint gach bliain faoi 2030 (37.4 % in 2016);

- Beidh gá le hiarrachtaí suntasacha chun an sprioc maidir le laghdú bochtaineachta a bhaint amach, is é sin laghdú 15 mhilliún ar a laghad ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas faoi 2030 (lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh ar a laghad), i bhfianaise cobhsaíocht leathan (gan ach laghdú 279 000 duine ann in 2022, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin) agus roinnt Ballstát ina bhfuil méadú tagtha ar an mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta.

10. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI go ndéanfar breithniú i dtimthriall 2024 den Seimeastar Eorpach ar chur chun feidhme leanúnach na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta agus ar chláir an bheartais chomhtháthaithe agus go soláthrófar treoirlínte i bhfianaise an athbhreithnithe meántéarma a dhéanfar ar chláir an bheartais chomhtháthaithe. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil an faireachán ar an dul chun cinn i dtreo phríomhspriocanna an Aontais agus spriocanna náisiúnta 2030 maidir le fostaíocht, scileanna agus baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta á chur san áireamh sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht.

11. AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI go bhfuil togra ag an gCoimisiún chun anailís thírshonrach níos láidre maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don chóineasú sóisialta aníos a chur san áireamh sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta mar a thuairiscítear i bPríomhtheachtaireachtaí EMCO-SPC maidir leis an méid sin agus i dtuarascáil fholuiteach mheitheal chomhpháirteach EMCO-SPC.[1] AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI go gcuirtear an anailís sin chun feidhme bunaithe ar thorthaí treoirthionscadail dheonaigh a rinne an mheitheal idir mí Dheireadh Fómhair 2022 agus mí na Bealtaine 2023. AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI, go bhféadfaí machnamh a dhéanamh ar mhionchoigeartuithe teicniúla a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an anailís amach anseo trí úsáid a bhaint as an Scórchlár Sóisialta agus as an modheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm ina leith sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI gur thug an Chomhairle dá haire torthaí an treoirthionscadail i mí an Mheithimh 2023 inar aithníodh go raibh leibhéil éagsúla tacaíochta ann i measc na mBallstát do Chreat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach.

12. AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún anailís dara céim níos doimhne a dhéanamh ar chóineasú sóisialta aníos i dtimthriall 2024 den Seimeastar Eorpach, ag baint úsáid as tacar níos leithne fianaise cainníochtúla agus cáilíochtúla, i ndáil leis na Ballstáit ar sainaithníodh rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don chóineasú sóisialta aníos ina leith sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

13. IARRANN SÍ AR na Ballstáit na tosaíochtaí ón Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus na torthaí ón Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht a léiriú ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú agus dlús a chur le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta chun príomhspriocanna an Aontais agus na spriocanna náisiúnta do 2030 a bhaint amach.

14. IARRANN SÍ AR na Ballstáit forbairtí pá a chur chun cinn lena maolaítear na caillteanais i gcumhacht cheannaigh, go háirithe i gcás oibrithe ar phá íseal, i gcomhréir le cleachtais náisiúnta agus lán-urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta.

[1] Féach an Tuarascáil ó Mheitheal EMCO-Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta (9481/23/ADD-1) mar aon leis na Príomhtheachtaireachtaí arna bhformhuiniú ag EMCO-SPC bunaithe ar an tuarascáil (9481/23)

15. IARRANN SÍ AR na Ballstáit leanúint d'athchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme lena bhfeabhsófar uas-sciliú agus athsciliú daoine fásta, lena neartófar beartais ghníomhacha don mhargadh saothair, agus lena gcuirfear dálaí oibre feabhsaithe chun cinn, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna agus d'fhonn aistrithe ó phost go post a éascú chuig earnálacha a bhfuil éileamh láidir ar shaothar iontu, rud a chuirfidh le hiomaíochas agus le comhtháthú sóisialta an Aontais.

16. IARRANN SÍ AR na Ballstáit leanúint de na córais cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta a nuachóiriú agus aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta, go háirithe i measc leanaí, agus i bhfianaise na n-aistrithe digiteacha agus glasa, na dtreochtaí déimeagrafacha, thionchar an bhoilscithe aird ar chumhacht cheannaigh, go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, agus leibhéal méadaitheach na bochtaineachta fuinnimh. IARRANN SÍ AR na Ballstáit tuilleadh anailíse a dhéanamh ar infhaighteacht tithíochta inacmhainne agus í sin a fheabhsú.

17. IARRANN SÍ AR an gCoimisiún a áirithiú nach mbeidh ualach breise riaracháin ar na Ballstáit mar thoradh ar aon chur chun feidhme breise ar an anailís ar chóineasú sóisialta aníos atá bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta mar a thuairiscítear i bPríomhtheachtaireachtaí EMCO-SPC agus go gcuideoidh sé le gníomhaíochtaí faireachais iltaobhaigh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta a chuíchóiriú.

18. IARRANN SÍ AR an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta measúnú a dhéanamh ar thionchar na hanailíse píolótaí ar chóineasú sóisialta aníos bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta, lena n-áirítear a bhreisluach agus an t-ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ar a ngníomhaíochtaí agus ar thimthriall 2024 den Seimeastar Eorpach agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoin méid sin.